Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12168/22**

**AGRI 410**
**DELACT 160**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht / an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11841/22 |
| Ábhar: | Rialachán Tarmligthe (AE) …/... ón gCoimisiún an 22.8.2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 a mhéid a bhaineann leis na forálacha idirthréimhseacha le haghaidh deimhnithe cigireachta a eisítear san Úcráin agus sleachta astu agus a mhéid a bhaineann leis na forálacha idirthréimhseacha maidir le deimhnithe cigireachta a eisítear san Úcráin<br>*- Gníomh tarmligthe - Rún gan agóid a dhéanamh* |

1. An 22 Lúnasa 2022, chuir an Coimisiún an dréachtrialachán tarmligthe thuasluaite faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 54(5) de Rialachán (AE) 2018/848. Tugtar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos maidir leis na rialuithe oifigiúla i ndáil le táirgí orgánacha a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas agus maidir leis an deimhniú cigireachta.

2. Leis an dréachtghníomh tarmligthe, leathnaítear na forálacha idirthréimhseacha chun deimhnithe cigireachta maidir le táirgí orgánacha a eisiúint agus a fhormhuiniú ar pháipéar, sna Ballstáit agus san Úcráin, go dtí an 30 Samhain 2022.

3. Bhí go dtí an 6 Meán Fómhair 2022 ag na toscaireachtaí chun agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe. Faoin spriocdháta sin, ní dhearna aon toscaireacht agóid i gcoinne an ghnímh agus níor thug aon toscaireacht aon bharúlacha ina leith.

4. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht a mholadh don Chomhairle a dhearbhú, mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, nach bhfuiltear ag cur i gcoinne an dréachtrialacháin tharmligthe, mar a leagtar amach in 11841/22 é.